Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Eanáir 2023

**Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe**

Le tabhairt isteach Alt 897C den ACC 1997 sa Bhille Airgeadais 2022, iarrfar ar fhostóirí sonraí na n-íocaíochtaí seo a leanas a dhéantar le fostaithe agus/nó stiúrthóirí a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim. Cuirfear tús leis an riachtanas i leith an fhaisnéis seo a chur ar fáil in 2024.

**Sochar beag**

Tá an luach iomlán de shochair agus dearbháin saor ó cháin gur féidir le fostóir a thabhairt do fhostaí méadaithe ó €500 go €1,000 sa mbliain. Tá líon na ndearbhán cáilitheach nó dreasachtaí tar éis ardú freisin, ó cheann amháin go dhá cheann sa mbliain.

**Liúntas cianoibre laethúil**

Íocaíocht nach mó ná €3.20 in aghaidh an lae le fostaí ag a fhostóir nó a fostóir i ndáil leis na laethanta a chomhlíonann an fostaí dualgais a bhfostaíochta óna n-áit chónaithe nuair nár asbaineadh aon cháin.

**Íocaíochtaí taistil agus cothaithe**

Íocaíocht a dhéanann fostóir le fostaí maidir le costais taistil nó cothabhála a thabhaíonn an fostaí sa chás nach n-asbhaintear aon cháin.

Ó 2019, tuairiscíonn fostóirí pá agus asbhaintí a bhfostaithe agus/nó stiúrthóirí i bhfíor-am mar chuid dá bpróiseas párolla. Ag teacht leis an gcur chuige seo, sa chás go soláthraíonn fostóir aon cheann de na híocaíochtaí seo, déanfaidh an fostóir na sonraí seo a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim i bhformáid leictreonach, ar dháta íocaíochta na híocaíochta sin nó roimhe.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim anois ag lorg rannpháirtíocht Fostóirí, Soláthraithe Bogearraí agus

Gníomhairí i gcur i bhfeidhm an riachtanas tuairiscithe seo.

Táimid ag ceangal nasc le suirbhé chun deis a thabhairt duit eolas a sholáthar ar na próisis reatha a úsáideann tú chun na híocaíochtaí seo a thaifeadadh.

Tá 15 cheist sa suirbhé seo agus níor cheart go dtógfadh sé níos mó ná 5 nóiméad ort é chomhlánú.

Féadtar teacht ar an suirbhé **anseo**

Tiocfaidh deireadh le rochtain ar an suirbhé seo ar 05/02/2023.

Tá an-mheas ar bhur n-ionchur agus cabhróidh freagraí ar an suirbhé le dearadh na hoibleagáide tuairiscithe nua seo. Pléifear le gach freagra mar fhreagra rúnda agus úsáidfear iad chun críche na rannpháirtíochta seo amháin.

Ar bhealach cosúil le tabhairt isteach tuairisciú párolla fíor-ama agus sula gcuirfear tús le tíolacadh leictreonach na n-íocaíochtaí seo, cuirfear saoráidí ar fáil chun dóthain ama a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara chun comhtháthú le córais na gCoimisinéirí Ioncaim a thástáil lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go rathúil é.